# Stoirm Chandra

Meánleibhéal 1 (B1)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi thuilte móra (*severe flooding*) a d'fhág Stoirm Chandra ina diaidh. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí an cheist thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| stoirm, stoirmeacha<br>tuile, tuilte<br>fearthainn, báisteach | *the southwest*<br>*downpour*<br>*advice* |

1. Conas atá an aimsir inniu?
2. Conas a bhí an aimsir i do cheantar féin le bliain anuas?
3. Cén cineál aimsire is fearr leat? Cén fáth?
4. Cén cineál aimsire nach maith leat? Cén fáth?
5. Ar chuir Stoirm Chandra isteach ort féin?



# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. íocaíochtaí éigeandála | a. *downpour, torrents of rain* |
| 2. gnólachtaí | b. *southeast* |
| 3. oirthear | c. *cornered, stuck* |
| 4. (téigh) thar bruach | d. *warning* |
| 5. áitreabh | e. *that came out of nowhere* |
| 6. díle bháistí | f. *emergency payments* |
| 7. a tháinig aniar aduaidh ar | g. *advice* |
| 8. teanntaithe | h. *that won't subside* |
| 9. comhairle | i. *overflow, flood* |
| 10. oirdheisceart | j. *east* |
| 11. nach dtráfaidh | k. *premises* |
| 12. foláireamh | l. *businesses* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. Cén uimhir iolra atá ag na hainmfhocail seo bhosca. Cad is brí leo?

| | |
|---|---|
| abhainn | |
| sruthán | |

3. Baineann Eimear Ní Chonaola úsáid as nath cainte atá coitianta i gConamara: **a bheith siar le rud**. Cé acu frása thíos a bhfuil an bhrí chéanna aige?

| | | |
|---|---|---|
| a) a bheith faoi thionchar rud | b) a bheith imithe le rud | c) a bheith thíos le rud |

4. Marcáil na contaetha sa bhosca ar an léarscáil.



| |
|---|
| 1. Contae Bhaile Átha Cliath |
| 2. Contae Chill Mhantáin |
| 3. Contae Loch Garman |
| 4. Contae Cheatharlach |
| 5. Contae Chill Chainnigh |
| 6. Contae Phort Láirge |
| 7. Contae Lú |
| 8. Contae Chorcaí |

## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceisteanna thíos.

| |
|---|
| a) Cad a deir an freasúra faoi íocaíochtaí éigeandála an rialtais? |
| |
| b) Cén fáth a raibh tuilte móra in oirthear na tíre? |
| |
| c) Cén áit ar lig caoga áitreabh uisce isteach? |
| |
| d) Cad a tharla gan choinne san Inbhear Mór? |
| |
| e) Cén fáth nár fhág Séadna Mac Seoin a bhaile féin? |
| |
| f) Cén fáth a gcaithfidh tú a bheith cúramach ar na bóithre, dar le Séadna Mac Seoin? |
| |
| g) Cad a deirtear sa mhír faoin abhainn in Abhóca agus faoin tSláine? |
| |

2. Féach ar an mír den dara huair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR (1) chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Tá sé geallta ag an Rialtas ____________________ a dhéanamh le daoine agus le ________________ atá thíos le Stoirm Chandra.
- Ní fios fós cén damáiste a rinneadh i gCo. Loch Garman ach ceaptar _________________ an tuile ansin go ceann tamaill.
- Chuaigh aibhneacha agus srutháin _________________ de bharr na stoirme.
- Tá obair ghlantacháin ar siúl in __________ agus in __________________ na tíre.
- Lig leathchéad ______________ uisce isteach i mBaile Inis Córthaidh.
- Bhí go leor bóithre faoi uisce i gCill Mhantáin mar gheall ar an ___________________.
- Bhí an bháisteach ____________________________ ar mhuintir an cheantair an-trom ar fad.
- Bhí Séadna Mac Seoin ________________ ina bhaile féin mar moladh dó gan dul áit ar bith.
- Dúirt Séadna gur ghlac sé leis an g________________ a bheith cúramach toisc go bhfuil sé ag dul in aois.
- Tá _______________________ buí fógartha ag Met Éireann.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (Siar, thiar, aniar …)

1. Cuir na focail agus na frásaí atá sa bhosca san áit chuí sa tábla. Tá sampla amháin déanta duit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| an tuaisceart | ag dul ó dheas | thiar | ag teacht aniar |
| thoir | ag teacht aduaidh | ag teacht anoir | thuaidh |
| an deisceart | ag dul siar | ag dul soir | theas |
| an t-iarthar | an t-oirthear | ag dul ó thuaidh | ag teacht aneas |

| N | E | S | W |
|---|---|---|---|
| **suíomh** | **suíomh** | **suíomh** | **suíomh** |
| | | | an t-iarthar<br>thiar |
| **gluaiseacht** | **gluaiseacht** | **gluaiseacht** | **gluaiseacht** |
| | | | ag dul siar<br>ag teacht aniar |

2. Cuir na réimíreanna **oir-** agus **iar-** ar na focail **tuaisceart** agus **deisceart** chun na focail thíos a aistriú go Gaeilge:


| *northwest* | *northeast* | *southwest* | *southeast* |
|---|---|---|---|
| | | | oird**h**eisceart |

3. Samhlaigh go bhfuil tú i do chónaí sa bhaile mór is lárnaí in Éirinn – Baile Átha Luain. Aistrigh na habairtí thíos go Gaeilge ag baint úsáid as na focail chuí ón tábla thuas.


| | |
|---|---|
| a) *I went over (west) to Galway at the weekend.* | |
| b) *I'll be going up (north) to Letterkenny soon.* | |
| c) *She came back from (the east) Dublin today.* | |
| d) *When I was going down (south) to Cork, I called her.* | |
| e) *I'll do it when I'm there (in the west).* | |
| f) *When is he coming back (from the south)?* | |

4. Ainmnítear an ghaoth **as** an aird óna dtagann sí. Mar shampla: Má tá an ghaoth ag teacht ón iarthar, tugtar **gaoth aniar** uirthi. Féach ar na comharthaí a bhíonn ag Met Éireann. An féidir leat iad a léamh? Lean an sampla:

(1) 

(2) 

(3) 

(4) 


| |
|---|
| (1) Gaoth aduaidh atá ann. Tá luas de 15km san uair fúithi. |
| (2) |
| (3) |
| (4) |

# E: CUMARSÁID


## 1: Caint

Bígí ag obair i ngrúpaí.

a) Conas atá an ghaoth inniu?

b) Leagfaidh an teagascóir rólchárta ar gach grúpa ina ndéantar cur síos ar an aimsir a **bhí** ann ag an deireadh seachtaine. Déanaigí na tascanna thíos:

- Déan cur síos ar an aimsir a bhí ann.
- Déan cur síos ar an tslí ar chuir an aimsir isteach ar dhaoine áirithe.
- Déan cur síos ar an tslí ar chuir an aimsir isteach ar an gceantar.
- Déan cur síos ar an tslí ar chuir an aimsir isteach ar ainmhithe fiáine agus tí.
- Déan cur síos ar spórt éigin nó ar chaitheamh aimsire éigin a rinne sibh le linn an deireadh seachtaine.




c) Cuirigí an méid a phléigh sibh i láthair an ranga.

## 2: Scríobh

Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta faoin tslí ar chuir an aimsir isteach ar dhaoine áirithe **nó** faoin tslí ar chuir an aimsir isteach ar an gceantar **nó** faoin tslí ar chuir an aimsir isteach ar ainmhithe fiáine agus/nó tí. Bíodh an phostáil bunaithe ar an méid a pléadh faoi **Caint** thuas.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| **Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:** |
|---|
| |

# AN SCRIPT

**Eimear Ní Chonaola**
Tá sé geallta ag an Rialtas íocaíochtaí éigeandála a dhéanamh le daoine agus le gnólachtaí atá siar le Stoirm Chandra. Deir an freasúra nach leor an cúnamh atá an rialtas a chur ar fáil do na pobail agus na háiteacha[1] is measa atá buailte in oirthear agus in oirdheisceart na tíre. Tá obair mhór ghlantacháin ar bun sna ceantrachaí[2] ina ndeachaigh aibhneacha agus srutháin thar bruach.

**Máire Ní Bhraonáin**
D'fhág an stoirm tuilte móra i mBaile Átha Cliath, i gCill Mhantáin agus i Loch Garman, áit a ndeachaigh aibhneacha agus srutháin thar a mbruacha. Tá obair ghlantacháin ar bun inniu i gceantar an oirthir agus in oirdheisceart na tíre go háirithe. Tá codanna de lár Bhaile Inis Córthaidh dúnta i gcónaí – áit ar lig thart ar leathchéad áitreabh an t-uisce isteach. Bhí go leor de na bóithre san Inbhear Mór i gContae Chill Mhantáin faoi uisce inné mar gheall ar an díle bháistí a tháinig aniar aduaidh ar mhuintir an cheantair.

**Séadna Mac Seoin, Eachroim**
Bhí an t-ádh linn ach amháin go raibh mé teanntaithe istigh. Bhíos[3] le dul go dtí an tInbhear Mór ach ní fiú, bhí faitíos orm dul síos go dtí Eachroim nó Tigh na hÉille, na sráidbhailte is gaire dúinn, mar moladh dúinn gan dul. *So*, toisc go bhfuil mé ag dul in aois, d'éist mé leis an gcomhairle, ach ní fhaca mé a leithéid ó tháinig mé go dtí Cill Mhantáin.

**Máire Ní Bhraonáin**
Cé nach bhfuil na tuilte chomh dona is a bhí an t-am seo tráthnóna inné, tá leibhéal an uisce in abhainn Avoca[4] an-ard go fóill. Agus tá bóithre san Inbhear Mór agus sna ceantair timpeall ar an mbaile fós contúirteach.

**Séadna Mac Seoin, Eachroim**
Fiú amháin inniu nuair a bhíomar ag tiomáint síos an bóthar, do bhí cuid den bhóthar imithe, *you know so*, caithfidh tú a bheith cúramach ar an mbóthar.

**Máire Ní Bhraonáin**
Chomh maith le Baile Átha Cliath, Cill Mhantáin agus Loch Garman, rinne an stoirm damáiste suntasach i gContae Lú agus i gCorcaigh. Ní fios go baileach fós cén damáiste a rinneadh i mBun Clóidí agus in Inis Córthaidh i gContae Loch Garman nuair a sceith an tSláine, ceann de na haibhneacha is mó sa tír agus ceaptar nach dtráfaidh an tuile ansin go ceann tamaill fós.

Tá foláireamh buí báistí fógartha tráthnóna ag Met Éireann i gcúig chontae, mar atá: Cill Mhantáin, Ceatharlach, Cill Chainnigh, Loch Garman agus Port Láirge.

Máire Ní Bhraonáin, Nuacht TG4

---

[1] áiteacha = leagan canúnach de 'áiteanna'
[2] ceantrachaí = leagan canúnach de 'ceantair'
[3] bhíos = leagan canúnach de 'bhí mé'
[4] An Abhainn Mhór an t-ainm Gaeilge atá ar an abhainn seo, féach http://www.logainm.ie/ga/1419448

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.
An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós, de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile ansin. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| íocaíochtaí éigeandála | *emergency payments* |
| gnólachtaí | *businesses* |
| oirthear | *east* |
| (téigh) thar bruach | *overflow, flood* |
| áitreabh | *premises* |
| díle bháistí | *downpour, torrents of rain* |
| a tháinig aniar aduaidh ar | *that came out of nowhere* |
| teanntaithe | *cornered, stuck* |
| comhairle | *advice* |
| oirdheisceart | *southeast* |
| nach dtráfaidh | *that won't subside* |
| foláireamh | *warning* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| f | l | j | i | k | a | e | c | g | b | h | d |

2. Freagraí:

| | | |
|---|---|---|
| abhainn | aibhneacha | *rivers* |
| sruthán | srutháin | *streams* |

3. c).
4. Féach:




## C: TUISCINT

1. Féach ar an script.
2. Freagraí:
   - Tá sé geallta ag an Rialtas **íocaíochtaí éigeandála** a dhéanamh le daoine agus le **gnólachtaí** atá thíos le Stoirm Chandra.
   - Ní fios fós cén damáiste a rinneadh i gCo. Loch Garman ach ceaptar **nach dtráfaidh** an tuile ansin go ceann tamaill.
   - Chuaigh aibhneacha agus srutháin **thar bruach** de bharr na stoirme.
   - Tá obair ghlantacháin ar siúl in **oirthear** agus in **oirdheisceart** na tíre.
   - Lig leathchéad **áitreabh** uisce isteach i mBaile Inis Córthaidh.
   - Bhí go leor bóithre faoi uisce i gCill Mhantáin mar gheall ar an **díle bháistí**.
   - Bhí an bháisteach **a tháinig aniar aduaidh** ar mhuintir an cheantair an-trom ar fad.
   - Bhí Séadna Mac Seoin **teanntaithe** ina bhaile féin mar moladh dó gan dul áit ar bith.
   - Dúirt Séadna gur ghlac sé leis an g**comhairle** a bheith cúramach toisc go bhfuil sé ag dul in aois.
   - Tá **foláireamh** buí fógartha ag Met Éireann.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (Siar, thiar, aniar …)

1. Freagraí:

|  |  |  |  |
|---|---|---|---|
| **suíomh** | **suíomh** | **suíomh** | **suíomh** |
| an tuaisceart<br>thuaidh | an t-oirthear<br>thoir | an deisceart<br>theas | an t-iarthar<br>thiar |
| **gluaiseacht** | **gluaiseacht** | **gluaiseacht** | **gluaiseacht** |
| ag dul ó thuaidh<br>ag teacht aduaidh | ag dul soir<br>ag teacht anoir | ag dul ó dheas<br>ag teacht aneas | ag dul siar<br>ag teacht aniar |

2. Freagraí:

| | | | |
|---|---|---|---|
| *northwest* | *northeast* | *southwest* | *southeast* |
| iarthuaisceart | oirthuaisceart | iardheisceart | oirdheisceart |




3. Freagraí:


| | |
|---|---|
| a) *I went over (west) to Galway at the weekend.* | Chuaigh mé siar go Gaillimh ag an deireadh seachtaine. |
| b) *I'll be going up (north) to Letterkenny soon.* | Beidh mé ag dul ó thuaidh go Leitir Ceanainn ar ball. |
| c) *She came back from (the east) Dublin today.* | Tiocfaidh sí anoir ó Bhaile Átha Cliath inniu. |
| d) *When I was going down (south) to Cork, I called her.* | Nuair a bhí mé ag dul ó dheas go Corcaigh, chuir mé scairt uirthi. |
| e) *I'll do it when I'm there (in the west).* | Déanfaidh mé é nuair a bheidh mé thiar. |
| f) *When is he coming back (from the south)?* | Cathain a bheidh sé ag teacht aneas? |

4. Freagraí:

(1) 

(2) 

(3) 

(4) 


| |
|---|
| (1) Gaoth aduaidh atá ann. Tá luas de 15km san uair fúithi. |
| (2) Gaoth anoir atá ann. Tá luas de 19km san uair fúithi. |
| (3) Gaoth aneas atá ann. Tá luas de 25km san uair fúithi. |
| (4) Gaoth aniar atá ann. Tá luas de 32km san uair fúithi. |

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

a) Tabhair deis dóibh labhairt faoi aird agus faoi luas na gaoithe inniu.

b) Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar agus leag Ról ar gach grúpa. Léigh trí na treoracha ar fad leis an rang le bheith cinnte go dtuigeann siad an méid atá le déanamh. Tabhair tamall fada cainte dóibh agus bí ar fáil chun cuidiú leo.

c) Iarr ar dhuine amháin as gach grúpa cur síos a dhéanamh don rang ar an méid a phléigh siad.

**2: Scríobh**

Iarr orthu postáil ghearr a scríobh anois faoi cheann amháin de na roghanna a tugadh.

**3: Cad a d'fhoghlaim tú?**

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.